## PRÍOMHDHUALGAIS & PRÍOMHFHREAGRACHTAÍ

Is iad seo a leanas príomhdhualgais agus príomhfhreagrachtaí Cheann na Seirbhísí Corparáideacha:

- **Ceannaireacht Straitéiseach agus Bainistiú Seirbhísí Corparáideacha:** Ceannaireacht straitéiseach agus oibríochtúil a sholáthar do na feidhmeanna uile atá cuimsithe i Seirbhísí Corparáideacha, lena n-áirítear Airgeadas, Soláthar, Bainistíocht Riosca, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide agus Bainistíocht Áiseanna. Áirítear leis seo bainistiú a dhéanamh ar an bhfoireann inmheánach agus a chinntiú go mbunaítear agus go gcoinnítear comhaontuithe seirbhíse láidre agus iomchuí le gach comhpháirtí seachadta seirbhíse seachtrach chun tacaíocht éifeachtach agus chomhlíontach a rathú d'oibríochtaí ÚRCTC.
- **Bainistiú agus Tuairisciú Airgeadais:** A bheith freagrach as bainistíocht gach próiseas buiséadach, ag cinntiú cuntasachta dian i leith ioncaim agus caiteachais i gcomhréir le nósanna imeachta airgeadais phoiblí. Deimhin a dhéanamh de go ndéantar gach idirbheart airgeadais a chur i bhfeidhm agus a thaifeadadh i gcomhréir go dlúth le nósanna imeachta agus treoirlínte airgeadais an rialtais agus le caighdeáin chuntasaíochta aitheanta is infheidhme maidir le comhlachtaí poiblí.
- **Rialachas, Comhlíontacht agus Tuairisciú Seachtrach:** Tuarascálacha leanúnacha, rialta agus cuimsitheacha a ullmhú agus a chur i láthair do Bhord ÚRCTC, don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le feidhmíocht oibríochtúil, staid airgeadais, creataí rialachais, agus stádas comhlíontachta ÚRCTC.
- **Creat Bainistíochta Riosca:** An feabhsú leanúnach a stiúradh ar chreat bainistíochta riosca corparáidí. Treoir agus tacaíocht a sholáthar do bhaill na Foirne Bainistíochta Sinsearaí maidir le cláir riosca corparáideacha agus rannacha a shainaithint, a mheasúnú, a nuashonrú agus a chur i gcrích, agus cur chuige réamhghníomhach i leith maolú riosca a chinntiú.
- **Soláthar:** Ceannaireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhm soláthair ÚRCTC chun a chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán na ceanglais ábhartha uile maidir le soláthar poiblí. Córais láidre a fhorbairt, iad a mhonatóiriú, a bhainistiú agus a chothabháil go héifeachtach, chun gach próiseas agus cinneadh soláthair a cheadú agus a dhoiciméadú.
- **Rannpháirtíocht le Feidhmeanna Iniúchóireachta Reachtúla:** Feidhmiú mar phríomhtheagmhálaí rannpháirtíochta agus idirchaidrimh le hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha araon, ag éascú próiseas iniúchóireachta agus ag cinntiú go dtugtar freagraí go tráthúil agus go cuimsitheach ar thorthaí agus ar mholtaí iniúchóireachta.
- **Maoirseacht ar TFC agus Áiseanna:** Maoirseacht straitéiseach agus oibríochtúil a dhéanamh ar gach gníomhaíocht i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide. Sláine, rúndacht, infhaighteacht agus slándáil gach córas agus sonraí uile TF, i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha agus le caighdeáin na hearnála poiblí. Maoirseacht a dhéanamh ar fheidhm chothabhála na maoine agus a chinntiú g bhfuil timpeallacht oibre shábháilte agus chompordach ag an bhfoireann.
- **Acmhainní Daonna agus Forbairt Eagraíochta:** Comhoibriú go dlúth leis an mBainisteoir Acmhainní Daonna agus Forbartha Eagraíochta chun straitéisí agus

